

Fios Folláine

EochairChéim 1



Comhairle
na Gaelscolaíochta



Clár

1.	Intreoir	
1.1	Cad is Folláine ann?	2
1.2	Cad é mar a Chothaítear an Fholláine?	2
1.3	Teanga na Folláine	3
2.	Na Dathanna	
2.1	Biongó Dathanna	4
2.2	Dath a Ritheann	5
2.3	Cad é an Dath is Fearr Leat?	5
2.4	Dathshiúlóid	6
3.	Teanga na Mothúchán	
3.1	Snap	15
3.2	Cleachtadh Cláir Bháin	15
3.3	Cad é atá orthu?	26
3.4	Bímis ag Caint ar Mhothúcháin	37
4.	Dath na Mothúchán	
4.1	Measc Suas é!	38
4.2	Dán na nDathanna agus na Mothúchán	40
4.3	Aithris Fhoirfe Dánta	43
5.	Dul i nGleic leis na Mothúcháin	
5.1	Dearfach nó Diúltach?	45
5.2	Cad é a Dhéanaim Nuair nach Mothaím mé féin go Maith?	47
5.3	Cad é a Thig liom a Dhéanamh?	51
5.4	Déan Plean	54
5.5	Bís na Dearfachta	57
6.	Iarscríbhinn	
6.1	Cad é mar atá tú inniu?	59
6.2	Cad é mar a bhíonn tú ar scoil?	60
6.3	Bogha Báistí agus Scamall	61
6.4	Ar ais ar scoil	63

Eochair



Eagrú Ranga



Áiseanna



Suíomh



Sprioc



Treoir

1. Intreoir

1.1 Cad is Folláine ann?

Is é atá san **fholláine** ná **sláinte choirp, intinne, mothúchán agus shóisialta** fite fuaite ina chéile.

Nuair a fhoghlaimítear faoin tsláinte agus faoin fholláine, is amhlaidh a fhaightear eolas agus tuiscint, scileanna agus buanna a bheidh de dhíth leis an fholláine mothúchán, shóisialta, intinne agus coirp a chothú.

Tá na gnéithe sin fite fuaite ina chéile, go díreach mar atá an chuid is mó den churaclam agus den fhoghlaim ar Eochairchéim 1. Tá sé tábhachtach go ndéanfar folláine dhearfach a chothú inár ndaltaí as a n-óige.

1.2 Cad é mar a Chothaítear an Fholláine?

Is iomaí rud a bhaineann leis an fholláine.

Is é atá i gceist leis an fholláine a chothú i measc daltaí ar Eochairchéim 1 ná deis a thabhairt dóibh:

- ar bheith cruthaitheach, agus iad féin a chur in iúl
- ar bheith ag súgradh, istigh agus amuigh
- ar thuiscint a fháil ar aire a thabhairt don chorp
- ar pháirt a ghlacadh i ngníomhaíocht choirp
- ar na mothúcháin a fhiosrú
- ar theanga a bhaineann leis na mothúcháin a fhorbairt
- ar stad den fhuadar, agus tairbhe a bhaint as am suaimhnis
- ar dhul i gcomhar le daoine eile
- ar thuiscint a fháil ar a n-iompar féin agus an tionchar atá ag an iompar céanna ar dhaoine eile.

Is tairbheach amach a chur ar a súile do pháiste go bhfuil siad speisialta, gur daoine ar leith iad agus go bhfuil grá agus cion ag daoine orthu.

Déanfar sin san aonad seo agus na mothúcháin á bhfiosrú trí chluichí agus gníomhaíochtaí. Tabharfar deiseanna do na daltaí ar an tuiscint agus an teanga ábhartha a fhorbairt sna cluichí agus gníomhaíochtaí sin, agus muinín acu astú féin fad is a bheidh siad ag gabháil dóibh.

1.3 Teanga na Folláine



Bíonn teanga ar leith de dhíth leis an fholláine a phlé. Is teanga í sin a bheidh sainiúil do gach dalta. Is teanga í a bheidh á forbairt de réir a chéile ar luas éagsúil gach dalta. Is gá i gcónaí bheith airdeallach eolach ar an teanga atá le daingniú, ar an teanga atá úrnua agus ar an teanga atá le forbairt. I ngach gníomhaíocht, is gá bheith ríshoiléir faoi líon na bhfocal úr san iomlán a bheidh in úsáid, ag tógáil ar a tháinig roimhe.

Tugtar deiseanna luachmhara do na daltaí ar theanga na folláine a chluinstin agus a thuigbheáil i gcomhthéacs sna gníomhaíochtaí folláine. Dá mhíne a chleachtfar na gníomhaíochtaí, is amhlaidh is gasta a thuigfear agus a thógfar an teanga shainiúil sin i gcomhthéacs. Tá tréimhsí plé i gcuid de na gníomhaíochtaí, tréimhsí a mbeidh faill ag na daltaí teanga na folláine a chur chun a caite i gcomhthéacs struchtúrtha.

I rith an lae scoile, tapaigh deiseanna nadúrtha, bíodh sin le dalta aonair nó leis an rang iomlán, ar theanga na folláine a chleachtadh, a normalú agus a fhorbairt. Is féidir an teanga sin a fhorbairt trí fhéinchlárú, trí scéalta agus trí thaispeántais ábhartha bhalla a chruthú le chéile. Is féidir deiseanna teangadhírthe a chruthú. Tá áiseanna breise sa cháipéis lena dtacaítear go sainiúil le teanga na folláine a fhorbairt.

Rinneadh gach iarracht an cháipéis a struchtúru agus na haistir foghlamtha teanga a bhíonn ar dhaltaí tumoideachais á gcur san áireamh. Mar sin féin, is féidir na gníomhaíochtaí a dhéanamh de réir ábharthachta, agus leibhéal na teanga a oiriúnú dá réir.

2. Na Dathanna



? Beidh deis ag na daltaí na dathanna a chleachtadh sna gníomhaíochtaí tosaigh seo.

Forbairt Teanga

Is féidir úsáid a bhaint as na spléach-chártaí (féach Teimpléad 2) leis na dathanna a chleachtadh.



rang iomlán



dathchártaí (as siopa crua-earraí nó a chomhionann) agus cárta Biongó



seomra ranga

2.1 Biongó Dathanna



- Tabhair dornán dathchártaí do na daltaí.
- Roghnaíodh siad 12 ghiota as an dornán cártaí.
- Is féidir leo na dathanna céanna a roghnú níos mó ná uair amháin.
- Cuireadh siad na dathanna sin i scríbhinn sna cearnóga ar an ghreille. Féach leat an sampla.
- Glaoigh amach ainm datha. Má bhíonn an dath sin ag dalta, clúdaíodh sé nó sí ar an ghreille é.
- Clúdaíodh siad a oiread poncanna agus atá ar an chárta acu.
- A luaithe a bheidh ainmneacha na ndathanna go léir clúdaithe ag dalta, scairteadh sé nó sí 'Biongó'!

Sampla de chárta biongó:

Dearg	glas	bándearg
Glas	dearg	gorm
Bán	buí	flannbhuí
Dubh	bándearg	donn

2.2 Dath a Ritheann



grúpaí daltaí



pionnaí éadaigh agus cártaí daite



halla spóirt



- Roinn an rang ina ghrúpaí. Más féidir é, bíodh an líon céanna daltaí i ngach grúpa.
- Tabhair pionnaí éadaigh do gach grúpa, sa dóigh go mbeidh:
 - pionnaí dearga ar a ngeansaí ag Grúpa 1
 - pionnaí glasa ar a ngeansaí ag Grúpa 2 agus dá réir sin...
- Tabhair deis do na grúpaí a rá cé hiad féin
'Tá muid dearg/ tá muid gorm/ tá muid glas srl...'
- Cuir suas píosa mór de chárta daite, a ghabhann le gach dath, ar bhallaí an halla.
- Treoraigh na grúpaí a bheith ag bogadh trína chéile ar fud an halla, ag siúl go gasta nó ag rith go cúramach.
- Scairt amach dath. Beidh 10 soicind ag na daltaí le rith a fhad leis an chárta mhór ar a bhfuil an dath s'acu. Leanann na dathanna eile ag siúl/ag rith leo go scairtfear an dath s'acusan.



2.3 Cad é an Dath is Fearr Leat?



dhá ghrúpa de dhaltaí



ceol



halla spóirt/taobh amuigh



- Déanfaidh grúpa amháin fáinne istigh agus déanfaidh an grúpa eile fáinne amuigh. (Mura bhfuil an líon céanna sa dá ghrúpa, beidh ar an mhúinteoir nó ar an chúntóir a bheith ag imirt fosta).
- Seasfaidh na daltaí aghaidh ar aghaidh.
- Rachaidh an grúpa istigh tuathal, agus an grúpa amuigh deiseal.
- Cuir ceol ag gabháil le treoir a thabhairt do na grúpaí bogadh agus stopadh.
- Nuair a iarrfar ar na daltaí a bheith ina stad, tiocfaidh péirí daltaí le chéile. Fiafróidh siad dá chéile, "Cad é an dath is fearr leat?" Agus tabharfaidh siad an freagra, "Is fearr liom..."
- Is féidir an cheist eile, "Cad é an dath nach maith leat?" a chur fosta.



Smaoinigh agus Pléigh

Cén dath is mó a luadh? An raibh dathanna nár luadh ar chor ar bith?



2.4 Dathshiúlóid



rang iomlán




píosa cártaí, téip ghreamaitheach




taobh amuigh




- Cuir 4 ghiota de théip ghreamaitheach dhéthaobhach ar phíosa cárta.
- Fág spás thíos faoi gach ghiota téipe, áit a scríobhfaidh na daltaí na dathanna, donn, dearg, buí agus glas san ord sin.
- Tabhair leat an rang amach chuig an chlós nó áit oiriúnach eile amhail páirc.
- Rachaidh na daltaí ar lorg an oiread nithe beaga agus is féidir leo a aimsiú, nithe beaga a bhfuil ceann de na 4 dhath sin orthu.
- Déanfaidh siad na nithe beaga sin a ghreamú den ghiota téipe ábhartha ar a gcárta. Ná greamaíodh siad rudaí beo dá gcárta, áfach!
- Ar ais sa seomra ranga dóibh, thig leo bogha báistí ceithre dhath a dhéanamh: donn, dearg, buí agus glas.
- Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh taobh istigh fosta, agus dathanna difriúla a chleachtadh.




Spléach-chártaí na nDathanna



Spléach-chártaí na nDathanna



Spléach-chártaí na nDathanna



dearg



glas

Spléach-chártaí na nDathanna



bándearg



gorm

Spléach-chártaí na nDathanna



bán



buí

Spléach-chártaí na nDathanna




flannbhuí



oráiste

Spléach-chártaí na nDathanna



dubh




donn

Spléach-chártaí na nDathanna



liath



corcra

3. Teanga na Mothúchán



? Tacaítear leis na daltaí teanga na mothúchán a thógáil, chomh maith leis na mothúcháin sin a fhiosrú agus a thuigbheáil sna gníomhaíochtaí seo a leanas.

Forbairt Teanga

Tá na mothúcháin thíos le fáil i bhfoirm spléach-chártaí i dTeimpléad 3.

áthas brón fearg iontas lúcháir sceitimíní imní eagla éad tuirse

Is féidir úsáid a bhaint as na spléach-chártaí* le teanga na mothúchán a chur i láthair na ndaltaí.

3.1 Snap



péirí



spléach-chártaí na mothúchán



seomra ranga



- Déan paca cártaí leis na spléach-chártaí i dTeimpléad 3. Bíodh na daltaí ag imirt leagan den chluiche 'Snap', agus na focail chearta á gcur leis na híomhánna cearta acu.

3.2 Cleachtadh Clár Bháin



péirí/grúpaí beaga



clár bán agus marcóir



seomra ranga



- Tabhair clár bán do gach dalta sa rang.
- Abair leo go bhfuil siad ag dul a tharraingt aghaidhe ar an chlár bán.
- Tabhair mothúchán do gach dalta a tharraingeoidh siad.
- Caithfidh na daltaí a thomhas cad é atá tarraingthe ar chlár bán a chéile.

*Bí airdeallach ar líon na spléach-chártaí a úsáidtear nuair a dhéanfar an ghníomhaíocht sin. Cinntigh go bhfuil deis ag gach dalta ar fhocail úra a chluinstin agus a fhoghlaim mar aon le focail a dhaingniú.

Teimpléad 3

Spléach-chártaí na Mothúchán



áthas



brón

Spléach-chártaí na Mothúchán



fearg



sceitimíní

Spléach-chártaí na Mothúchán



imní



eagla

Spléach-chártaí na Mothúchán



tuirse



lúcháir

Spléach-chártaí na Mothúchán



éad



iontas

Spléach-chártaí na Mothúchán



**Tá áthas
orm.**



**Tá brón
orm.**

Spléach-chártaí na Mothúchán



**Tá fearg
orm.**



**Tá sceitimíní
orm.**

Spléach-chártaí na Mothúchán



**Tá imní
orm.**



**Tá eagla
orm.**

Spléach-chártaí na Mothúchán



**Tá tuirse
orm.**



**Tá lúcháir
orm.**

Spléach-chártaí na Mothúchán

Tá éad
orm.



Tá iontas
orm.

3.3. Cad é atá orthu?



rang iomlán/
grúpaí beaga



spléach-chártaí na mothúchán
agus Teimpléid 3.3



seomra ranga

Forbairt Teanga

Déan na ceisteanna seo a chleachtadh:

- 'Cad é mar atá na daoine sa phictiúr seo?'
- 'An bhfuil...orthu?'

Agus ar na freagraí:

- 'Tá...orthu.'

NÓ

- 'Sileann muid go bhfuil...orthu.' (má bhíonn tú ag iarraidh an teanga a leathnú - is féidir úsáid a bhaint as Teimpléad 3.3.2 leis na freagraí sin a chlárú).

Is fiú am a chaitheamh leis na forainmneacha réamhfhoclacha fosta:

orm ort air uirthi orainn oraibh orthu

Amharc ar na híomhánna ar an chéad leathanach eile.

Smaoinigh agus Pléigh
Cad é mar atá na daoine
sna pictiúir?

Iarr ar na daltaí ceann de Theimpléid 3.3 a líonadh.



- Iarr orthu smaoineamh agus cuimhneamh ar ócáidí a bhí na mothúcháin sin orthu féin.
- Glac grianghraif de na daltaí agus iad ag léiriú na mothúchán ar fad a pleadh. Déan leabhar mothúchán le chéile, ar leibhéal cuí i dtaca le teanga na ndaltaí.
- Is féidir cur leis an leabhar sin de réir mar a gheobhaidh na daltaí focail nua ar mhothúcháin nó de réir mar a fhorbrófar teanga agus tuiscint na ndaltaí.

Stór Focal na Mothúchán

Tá
orthu, sílim.



Tá
uirthi, sílim.





Tá
air, sílim.



Tá
orthu, sílim.






Tá
orthu, sílim.



Tá
air, sílim.



Síleann muid go bhfuil
..... orthu.



Síleann muid go bhfuil
..... uirthi.





Síleann muid go bhfuil
..... air.

Síleann muid go bhfuil
..... orthu.



Síleann muid go bhfuil
..... air.

Síleann muid go bhfuil
..... air.





Síleann muid go bhfuil
..... air.




Síleann muid go bhfuil
..... air.



Síleann muid go bhfuil
..... uirthi.

Síleann muid go bhfuil
..... orthu.



3.4 Bímis ag Caint ar Mhothúcháin



rang iomlán agus beirteanna



leabhar scríbhneoireachta nó a chomhionann



seomra ranga

Forbairt Teanga

Is fiú go mór an cheist, **'Cad é mar a mhothaigh mé mé féin...'** a chleachtadh agus a athrá.

Agus samplaí forleathana a thabhairt ar an struchtúr, **'...nuair a...'**

Beidh deis ag na daltaí ar an cheist, **'An raibh...ort?'** a chleachtadh le réimse mothúcháin.



Bí ag caint ar roinnt ócáidí a tháinig mothúcháin éagsúla ort:

- nuair a bhí tú ag ithe uachtar reoite agus gur thit sé ar an talamh
- nuair a bhí scrúdú litrithe le déanamh agat
- nuair a bhí tú ag dul chuig cóisir
- nuair a fuair do dheartháir bronntanas ach nach bhfuair tú féin rud ar bith

Iarr ar na daltaí buille faoi thuairim a thabhairt ar an mhothúchán a a bhí ort an t-am sin.

Mar shampla:

Múinteoir: Cad é mar a mhothaigh mé mé féin nuair a bhí mé ag amharc ar an pheil?

Dalta (buille faoi thuairim a thabhairt): An raibh áthas ort?

Múinteoir: Ní raibh

Dalta (buille eile faoi thuairim a thabhairt): An raibh sceitimíní ort?

Múinteoir: Bhí!

Is féidir na daltaí a chur ag obair ina mbeirteanna le fad a bhaint as an ghníomhaíocht sin. Ba cheart dóibh éisteacht le scéal a bpáirtí agus iarracht a dhéanamh na mothúcháin a bhí air nó uirthi san am úd a aithint.

4. Dath na Mothúcháin

Tacaítear leis na daltaí na mothúcháin a fhiosrú le dathanna sna gníomhaíochtaí seo a leanas. Beidh deis acu iad féin agus a gcuid mothúchán a chur in iúl ar bhealach cruthaitheach soiléir.

4.1 Measc Suas é



rang iomlán/ daltaí aonair



Teimpléad 4.1 agus dathanna



seomra ranga



Sa ghníomhaíocht seo, fiosróidh na daltaí an gaol idir na dathanna agus na mothúcháin agus mar is féidir úsáid a bhaint as rud amháin leis an rud eile a chur in iúl.

Forbairt Teanga

Is fiú dul siar ar an teanga a bhaineann leis na dathanna agus na mothúcháin ag tús na gníomhaíochta seo.

Caith am ag plé na mothúchán agus an t-alt leo fosta;

**an t-áthas an brón an fhearg an t-iontas an lúcháir na sceitimíní
an imní an eagla an t-éad an tuirse**




Iarr ar na daltaí an 10 mothúchán a mheaitseáil leis an 11 dhath. Smaoiníodh siad ar an dath is fearr a chuireann gach mothúchán in iúl dóibh féin.

Smaoinigh agus Pléigh

An ionann dearg agus an t-áthas duite, nó an ionann dearg agus an fhearg? Duit féin, an ionann buí agus an t-áthas?

Cuirfidh siad an dath sa spás thíos faoin mhothúchán i dTeimpléad 4.1.

Eg: **an t-áthas** **an brón**



Smaoinigh agus Pléigh

Ar mheaitseáil duine ar bith dath le níos mó ná mothúchán amháin? An raibh gach duine d'aon ghuth nó an raibh difear sna tuairimí?


Nuair a bheidh sin déanta, d'fhéadfadh na daltaí a dtuairimí a chur in iúl do na daoine eile sa rang.

Teimpléad 4.1


Dath na Mothúchán

Cuir dath le gach mothúchán.


an t-áthas




an bron




an fhearg




an t-iontas




an lúcháir




na sceitimíní



an t-imní



an eagla



an t-éad



an tuirse



4.2 Dán na nDathanna agus na Mothúchán



daltaí aonair



leathanach an dalta ó Ghníomhaíocht 4.1, mála ceapaire, peann luaidhe



seomra ranga

Le fad a bhaint as an ghníomhaíocht dheireanach, déanfaidh na daltaí dán a chumadh, dán ar na dathanna agus na mothúcháin.

Beidh roinnt céimeanna i gceist agus beidh dán deas ag gach dalta de thoradh na gcéimeanna sin - tiocfaidh an dán as an ghníomhaíocht!



Foghlaimoidh na daltaí dóigh le iad féin a chur in iúl, cruth a chur ar dhán agus feabhas a chur ar a scríobhann siad le dréachtaí éagsúla!

Forbairt Teanga

Tugtar deis do na daltaí ar **'dhréachtaí'** éagsúla dá ndán a dhéanamh sa ghníomhaíocht seo. Is fiú am a chaitheamh le ciall an fhocail **'dréacht'** a mhíniú agus aird a thabhairt ar phróiseas an dréachtaithe le linn na gníomhaíochta.



Céim 1 - Réamhobair

Iarr ar na daltaí an leathanach a bhí acu sa ghníomhaíocht roimhe a ghearradh suas. Fágfar le 10 bpíosa mar seo acu:

an t-áthas



Tabhair do d'aire - Beidh dath sa spás seo cheana féin ag na daltaí.

Céim 2 - An 1ú Dréacht

- Tabhair mála beag ceapaire nó a leathbhreac eile do gach dalta.
- Iarr orthu 6 cinn de na mothúcháin, agus na dathanna a ghabhann leo, a roghnú as na píosaí a ghearr siad suas.
- Cuireadh siad na 6 píosa sa mhála ceapaire. Ní úsáidfear na 5 cinn eile.
- Is amhlaidh atá céad dréacht a ndáin ina ndorn acu! Dáiríre!

Céim 3 - An 2ú Dréacht

- Leis an dara dréacht a dhéanamh, amharcfaidh na daltaí arís ar na giotáí atá ina mála agus déanfaidh siad cinneadh ar an ord.
- Nuair a bheidh cinneadh déanta acu, leagfaidh siad na sé ghiota páipéir acu amach in ord mar seo:

Mothúchán agus dath 1

Mothúchán agus dath 2

Mothúchán agus dath 3

Mothúchán agus dath 4

Mothúchán agus dath 5

Mothúchán agus dath 6

- Sin é, dara dréacht a ndáin!

Céim 4 - Cur leis an ábhar

Ar Eochairchéim 1, tosaíonn daltaí a bhaint úsáid as teanga mheafarach shimplí agus as samhlacha simplí.

Mar sin de, b'fhéidir go mbeadh a ndánta chomh díreach le:

Dearg, sin an fhearg

Liath, sin an imní

Glas, sin an t-éad

Buí, sin an t-áthas

Bándearg, sin an grá

Gorm, sin an brón

Gníomhaíochtaí breise eile

Eolas breise

- Féadann na daltaí sinsir fad a bhaint as an ghníomhaíocht ach eolas breise a chur le gach líne:

Buí, sin an t-áthas. Buí, sin imirt peile.

Dearg, sin an fhearg. Dearg, sin troid le mo dheartháir.

Liath, sin an imní. Liath, sin obair baile nach dtuigim.

Aidiachtaí Oiriúnacha

- Níor mhiste aidiacht a chur sna línte sin ach oiread.

Buí geal, sin an t-áthas,

Dearg te, sin an fhearg,

Liath dorcha, sin an imní.

- Is féidir seisiún ar aidiachtaí oiriúnacha a dhéanamh go bhfoghlaímí na daltaí an teanga ábhartha.
- Bain úsáid as teimpléad mar an ceann thíos leis na daltaí a spreagadh.



4.3 Aithris Fhoirfe Dánta



péirí



pinn dhaite fheiltbhioracha




seomra ranga



Tugtar deis don na daltaí sa ghníomhaíocht seo ar a ndán a aithris ar bhealach soiléir gníomhach.

Forbairt Teanga

Tugtar deis ar an teanga a bhaineann leis na méara/lámha a chleachtadh sa ghníomhaíocht seo.



- Cuir na daltaí ag obair ina mbeirteanna.
- Beidh pinn dhaite fheiltbhioracha* de dhíth - na 6 dhath a d'úsáid siad ina ndán, agus peann dubh.
- Bainfidh siad úsáid as na dathanna le ponc measartha mór a tharraingt ar gach méar den lámh chlé.
- Ar an ordóg chlé (ordóg dheas má scríobhann an dalta leis an lámh chlé) a chuirfidh siad an chéad dath.
- Ar an mhéar cholbha a chuirfidh siad an dara dath.
- Ar an mhéar láir a chuirfidh siad an tríú dath...agus dá réir sin.
- Ba cheart an dath deireanach a chur ar chroí na boise ar an lámh chlé.

* Déan cinnte de gur pinn iad a nglanfaidh an níochán a ndúch!



- Cuidíodh na daltaí le chéile ansin na mothúcháin a scríobh, nó na haghaidheanna a bhaineann leis na mothúcháin sin a tharraingt, ar leathbhreac na méar ar an lámh dheas, arís eile ar thaobh na boise.
- Mar shampla, mas é an líne 'Buí, sin an t-áthas' atá ann, scríobhtar an focal áthas ar an mhéar láir ar an lámh dheas, nó tarraingítear aghaidh shona ar an mhéar sin. Sa dóigh sin, beidh an focal/aghaidh sin agus an ponc buí ar an lámh eile ag gabháil le chéile.



- 😊 nó an focal sceitimíní ar an ordóg
- 😨 nó an focal fearg ar an mhéar cholbha
- 😐 nó an focal áthas ar an mhéar láir
- 😞 nó an focal éad ar mhéar an fháinne
- 😓 nó an focal imní ar an lúidín
- 😄 nó an focal lúcháir ar an bhos

- Lena ndán a aithris, níl le déanamh ag na daltaí ach a lámha a chur amach rompu, na bosa iompaithe suas.
- Brúfaidh siad na hordóga ar a chéile, déarfaidh siad an dath agus an mothúchán. Mar shampla, "Buí, sin an t-áthas."
- De réir méar is méar, brúfaidh siad gach méar ar a leathbhreac agus déarfaidh siad an dath agus an mothúchán. Nuair a thiocfaidh siad a fhad leis an dath deireanach, buailfidh siad bos.

5. Ag Plé leis na Mothúcháin

Tácaítear leis na daltaí tuiscint a fháil sna gníomhaíochtaí seo a leanas ar na rudaí is féidir a dhéanamh nuair a bhuaileann mothúcháin dhiúltacha iad.

5.1 Dearfach nó Diúltach?



rang iomlán



Teimpléad 5.1 agus clár bán idirghníomhach (níl seo riachtanach)



seomra ranga



Tacaítear leis na daltaí sa ghníomhaíocht seo na mothúcháin dhearfacha agus dhiúltacha a aithint.

Forbairt Teanga

Ag tús na gníomhaíochta seo, is fiú dul siar ar spléach-chártaí na mothúchán i dTeimpléad 4.

Caith am ag cleachtadh **'ordóg in airde'**, agus **'ordóg in íochtar'** leis na daltaí. Déan nasc idir **'ordóg in airde'** agus mothúchán **dearfach** - nuair a mhothaíonn tú thú féin go maith.

Agus nasc idir **'ordóg in íochtar'** agus mothúchán **dhiúltach** - nuair nach mhothaíonn tú thú féin go maith.



Smaoinigh agus Pléigh











*Cad iad na mothúcháin atá dearfach?
Cad iad na mothúcháin atá diúltach?*



- Bain úsáid as 'ordóg in airde' agus 'ordóg in íochtar' leis na mothúcháin dhearfacha agus dhiúltacha a phlé.
- Iarr ar na daltaí 'Ponc-Vótáil' a dhéanamh leis na mothúcháin dhiúltacha a phiocadh amach as an tábla thíos.
- Is féidir leagan leictreonach den áis seo a chur in airde agus Teimpléad 5.1 a roinnt ar an scáileán.
- Cuireadh siad ponc faoi gach mothúchán ar mothúchán diúltach é, dar leo.

Teimpléad 5.1

Cuir ponc le gach mothúchán diúltach.

 Áthas	 Brón
 Fearg	 Iontas
 Lúcháir	 Sceitimíní
 Lúcháir	 Eagla
 Éad	 Tuirse

image?



rang iomlán/
grúpaí beaga



Teimpléad 5.2



seomra ranga



Tacaítear leis na daltaí tuiscint a fhorbairt ar an dóigh a dtéann na mothúcháin i bhfeidhm ar a gcuid iompar sa ghníomhaíocht seo.

Forbairt Teanga

Bain úsáid as na spléach-chártaí i dTeimpléad 5.2.2 leis an teanga ábhartha a chur i láthair na ndaltaí.

Smaoinigh agus Pléigh

Cad iad na rudaí a dhéanann muid nuair a mhothaímid muid féin go maith? Cad iad na rudaí a dhéanann muid nuair nach mothaímid muid féin go maith?




- Tabhair Teimpléad 5.2.1 do na daltaí agus iarr orthu a chomhlánú. Bain úsáid as na híomhánna i dTeimpléad 5.2.2 chun an comhrá sin a spreagadh.

Rudaí a dhéanaim nuair nach mothaím mé féin go maith!	Rudaí a dhéanaim nuair a mhothaím mé féin go maith!



Bím ag gáire.



Caithim rudaí.



Ní labhraím.



Bím ag ceol.




Bím ag troid le daoine eile.



Bainim úsáid as drochtheanga.



Bím ag damhsa.




Tugaim croí isteach do dhaoine.



Bím ag imirt le cairde.



Bim ag caoineadh.



Bualaim amach an doras.



Brisim rudaí .

5.3 Cad é a Thig liom a dhéanamh?



rang iomlán/
grúpaí beaga



Teimpléad 5.3



seomra ranga



Tá an ghníomhaíocht seo ina cuidiú straitéisí láimhseála a aithint. Tuigfidh na daltaí gur féidir na straitéisí sin a úsáid nuair a bhuaifidh na mothúcháin dhiúltacha úd iad.

Forbairt Teanga

Bain úsáid as na spléach-chártaí i dTeimpléad 5.3 chun an teanga sin a chur i láthair na ndaltaí.

Beidh roinnt teanga nua i gceist. Moltar comhrá rialta a dhéanamh ar na straitéisí láimhseála sin, ag dul siar orthu go minic.

Is fiú go mór taispeántas balla a mbeidh na straitéisí láimhseála ann a dhéanamh, ionas go mbeidh siad in airde agus le feiceáil le haghaidh daingniú teanga agus chun tacú leis na daltaí agus iad ag plé leis na mothúcháin éagsúla.




- Téigh siar go Gníomhaíocht 5.2 áit ar bhreac na daltaí síos na rudaí a dhéanann siad nuair nach mbíonn siad maith go leor.
- Nuair nach mbíimid 'maith go leor' is minic a iompraímid muid féin ar bhealach eile. Déanaimid rudaí atá do-ghlactha de dheasca gan teacht againn ar na focail ná ar na straitéisí cuí chun muid féin a chur in iúl mar is ceart.
- Cuir in iúl gur féidir straitéisí éagsúla a úsáid le mothúcháin dhiúltacha a láimhseáil.
- Míniú do na daltaí go gcuidítear linn bua a fháil ar mhothúcháin dhiúltacha agus ar iompar diúltach nuair a fhoghlaimimid déileáil leo ar bhealach dearfach.
- Iarr ar na daltaí amharc ar na híomhánna i dTeimpléad 5.3.

Smaoinigh agus Pléigh

Cad é atá na daoine i dTeimpléad 5.3 a dhéanamh?

- Iarr orthu na híomhánna a nascadh leis an fhrása cheart.
- Agus tuiscint ag na daltaí ar na straitéisí láimhseála sin, is fiú go mór taispeántas balla a dhéanamh ina mbeidh na straitéisí sin le feiceáil i rith ama.

Teimpléad 5.3



Bí ag cuntas go fadálach go dtí a deich.



Gabh amach agus mothaigh an t-aer úr.



Labhair le cara.



Bí ag siúl.



Suigh go ciúin agus socraigh thú féin.

Teimpléad 5.3



Labhair le duine fásta.



Bí ag léamh.



Tarraing d'anáil agus a lig amach arís í go fadálach.



Bí ag éisteacht le ceol.

5.4 Déan Plean!

image?



daltaí aonair



Teimpléad 5.4



seomra ranga/sa bhaile



Tacaítear leis na daltaí sa ghníomhaíocht seo plean pearsanta a chur le chéile le mothúcháin dhiúltacha a láimhseáil. Beidh deis acu ar a machnamh a dhéanamh ar a éifeachtaí a bhí na straitéisí sin fosta.

Forbairt Teanga

Is fiú dul siar ar na straitéisí láimhseála i nGníomhaíocht 5.3 agus an teanga sin a chur chun a caite sna gníomhaíochtaí a leanas.



- Iarr ar na daltaí Teimpléad 5.4.1 a líonadh. Is féidir leo dhá straitéis a roghnú.
- Is fiú filleadh ar an phlean sin fosta agus machnamh a dhéanamh ar cad é mar a d'éirigh leis na straitéisí sin.

Teimpléad 5.4.1

Déan Plean!

Nuair a bheidh ...	Déanfaidh mé seo:	Nó déanfaidh mé seo:
brón orm		
fearg orm		
imní orm		
éad orm		
eagla orm		
Nuair nach maith liom rud éigin		

Teimpléad 5.4.2

Cad é mar a D'éirigh leis an Phlean?

Mothúchán a bhuail mé...	An rud a rinne mé...	Ar éirigh leis?

5.5 Bís na Dearfachta



Rang iomlán/
daltaí aonair



Teimpléad 5.5 agus
ábhair ealaíne



seomra ranga



Tá an ghníomhaíocht seo ina chuidiú le craiceann dearfach cruthaitheach a chur ar an roinn seo.

Forbairt Teanga

Tugtar deis do na daltaí ar dhul siar ar an teanga a bhaineann leis na mothúcháin agus ar na straitéisí láimhseála atá foghlamtha acu d'fhonnaghaidh a thabhairt ar na mothúcháin chéanna.


Is fiú am a chaitheamh ag míniú cad is 'bís' ann. Is féidir sin a léiriú le Teimpléad 5.5.



- Méadaigh ar Theimpléad 5.5 go méid A3 le go mbeidh na daltaí ábalta a mbís féin a dhéanamh.
- Is féidir an bhís a ghearradh amach óna lár ionas go n-osclóidh sí mar a bheadh staighre bíse ann.
- Ar thaobh amháin di, scríobhfaidh na daltaí na focail go léir ar na mothúcháin. Thiocfadh leo an taobh sin a dhathú fosta leis na dathanna deasa dearfacha.
- Ar an taobh eile, féadann na daltaí íomhánna de na straitéisí dearfacha láimhseála a tharraingt nó a ghreamú.
- Cuirtear na bíseanna sin ar crochadh sa dorchla nó sa seomra ranga...ag cur casadh dearfach i bhfoglaim na ndaltaí!

Teimpléad 5.5

Bís na Dearfachta

















6. Iarscríbhinn

Gníomhaíochtaí Breise

Is féidir na gníomhaíochtaí seo a úsáid ó am go chéile le riachtanais daltaí aonair a mheas nó chun tacú leo dul i ngleic le buarthaí áirithe an tsoil.









Teimpléad 6.1

Cad é mar atá tú inniu?

An bhfuil áthas ort inniu?		
An bhfuil brón ort inniu?		
An bhfuil sceitimíní ort inniu?		
An bhfuil imní ort inniu?		
An bhfuil lúcháir ort inniu?		
An bhfuil eagla ort inniu?		
Ar mhaith leat labhairt liom (go príobháideach)?		

Teimpléad 6.2

Cad mar a bhíonn tú ar scoil?

<p>Cad é mar a bhíonn tú ar scoil?</p> 	 <p>Scríobh na mothúcháin a thagann ort ar scoil.</p>
<p>Cad é mar a bhíonn tú sa seomra ranga?</p> 	 <p>Scríobh na mothúcháin a thagann ort sa seomra ranga.</p>
<p>Cad é mar a bhíonn tú i gclós na scoile?</p> 	 <p>Scríobh na mothúcháin a thagann ort sa chlós.</p>
<p>Cad é mar a bhíonn tú sa bhialann?</p> 	 <p>Scríobh na mothúcháin a thagann ort sa bhialann.</p>

image?



daltaí aonair/
rang iomlán



Teimpléad 6.3




seomra ranga



Sa ghníomhaíocht seo, tacaítear leis na daltaí sin a mbaineann drochlá/drochrud dóibh. Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid chun tacú leo labhairt ar a tharla.

- Iarr ar na daltaí a machnamh a dhéanamh ar an drochlá/drochrud.
- Na mothúcháin dhiúltacha úd a bhuail na daltaí le linn na tréimhse sin, cad é ba chiall dóibh, mar mhothúcháin?
- Iarr orthu na focail ar na mothúcháin dhiúltacha sin a scríobh ar na scamail agus na scamail a dhathú le dathanna diúltacha na mothúchán sin.
- Iarr ar na daltaí a machnamh a dhéanamh ar an rud ab fhearr faoin lá/rud a chuidigh leo na scamail a ghlanadh agus a lig don bhogha báistí a theacht amach. B'fhéidir gur dhuine an rud sin, a máthair mar shampla; nó rud a rinne siad, cluiche a imirt, mar shampla; nó clár teilifíse ar amharc siad air. Scríobhadh siad ar an ghrian sa phictiúr é.
- Is féidir an bogha báistí a dhathú le deireadh dearfach a chur leis an ghníomhaíocht.



6.4 Ar ais ar scoil

Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid ag tús na scoilbhliana nó i ndiaidh sosa. Is iomaí mothúchán a d'fhéadfadh a bheith ag caitheamh ar pháistí ó tharla iad a bheith ar ais ar scoil.

Féadann na daltaí feidhm a bhaint as íomhá nó focal leis na mothúcháin a chur in iúl ar Theimpléad 6.4.

Teimpléad 6.1

Ráiteas ar bheith ar ais ar scoil:	Cad é mar a mhothaím faoi sin:
Ar ais le cairde arís	
Ar ais ag obair sa seomra ranga	
Cloig á mbualadh	
Éide scoile orm arís	
Corpoideachas arís	
Obair baile arís	
Béile scoile arís	



Comhairle na

na

Gaelscolaíochta